


| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta:** | Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD |
| **Scoil \| Aonad:** | Ionad Aon Sláinte Amháin UCD |
| **Teideal an Phoist & Réimse Ábhair** *(más ábhartha)***:** | **Riarthóir** |
| **Tréimhse an Phoist:** | 6 mhí |
| **Grád:** | Cúntóir Feidhmiúcháin |
| **Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme:** | Bainistíocht & Oibríochtaí Acadúil agus Clár – Leibhéal Gairme 1 |
| **Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist:** | Le deimhniú |
| **Bainisteoir Líne:** | Dr Gerald Barry |
| **Uimhir Thagartha an Chomórtais:** | 019518 |
| **Riarthóir Acmhainní Daonna:** | Leann Kemp |

## Achoimre ar an bPost:

Bunaíodh Ionad Aon Sláinte Amháin UCD i mí Feabhra 2024 agus ainmníodh é mar Ionad Comhoibritheach ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte i mí Dheireadh Fómhair 2024. Táimid dírithe ar Aon Sláinte Amháin a chothú agus feasacht a thógáil air go háitiúil, go náisiúnta,agus go hidirnáisiúnta, agus muid ag obair le comhpháirtithe in UCD agus níos faide i gcéin. Tá Ionad Aon Sláinte Amháin UCD ag lorg cúntóir feidhmiúcháin anois chun seirbhísí agus tacaíochtaí straitéiseacha, comhairleacha, agus riaracháin a sholáthar d'fhoireann Aon Sláinte Amháin UCD trí fhorbairt, bainistíocht , agus cur i bhfeidhm tionscadal nó trí chomhordú gníomhaíochtaí a bhfuil an tIonad páirteach iontu.

## Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

- Tacú leis an Ionad Aon Sláinte Amháin ar na meáin shóisialta agus cothabháil a dhéanamh ar an suíomh gréasáin
- Tacú leis an Ionad chun máistreacht in Aon Sláinte Amháin a fhorbairt in UCD
- Cabhrú le tuarascálacha a ullmhú do mhaoinitheoirí nó do chomhlachtaí rialachais.
- Tacú le tionscadal a bhfuil an tIonad páirteach iontu a chur ar fáil
- Tacú le tionscnaimh rannpháirtíochta poiblí agus caidrimh le geallsealbhóirí.

**95 Cúntóir Feidhmiúcháin _2013 (7911) Scála Tuarastail: €32,531 - €48,930 in aghaidh na bliana**
Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht don iomaíocht agus eolas faoi phinsean le fáil ag
https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/

Fáiltíonn UCD roimh iarratais ó chách. Táimid tiomanta do thimpeallacht a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do chách. Foghlaim tuilleadh faoin Éagsúlacht ag
https://www.ucd.ie/workatucd/diversity

Soláthrófar socruithe réasúnacha d'aon iarrthóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas orthu nó go bhfuil siad néara-éagsúil.

**Critéir Roghnúcháin**

Tá Creat Teaghlaigh Poist ag UCD agus tá an ról seo mar chuid de Chnuasach Poist **um Bainistíocht & Oibríochtaí Acadúil agus Clár** agus ailíníonn sé le **Leibhéal Gairme 1.** Tá tuilleadh sonraí maidir leis na hinniúlachtaí feidhmiúla agus na príomhinniúlachtaí leagtha amach sa Chreat Teaghlaigh Poist ar fáil ag: https://www.ucd.ie/hr/promotionsgrading/jobfamilies/

Éigeantach:

**Taithí agus Cáilíochtaí**

- 1-2 bhliain de thaithí ghairmiúil nó seirbhísí custaiméirí ag obair in eagraíocht mhór nó in institiúid tríú leibhéal agus/nó céim tríú leibhéal.

**Inniúlachtaí Feidhmiúla:**

- **Athléimneacht Oibríochtúil:** An cumas seasmhacht agus feidhmíocht a choinneáil i dtascanna laethúla agus gníomhú go héifeachtach faoi bhrú. Díograis, féin-smacht agus tiomantas a léiriú i bhfianaise timpeallachta atá ag athrú nó i bhfianaise teipeanna.
- **Treoir agus Comhairle Tacaíochta:** An cumas monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus cathain a bhíonn gá le hidirghabhálacha breise a aithint. An cumas measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na n-idirghabhálacha agus cleachtas bunaithe ar mhachnamh agus athbhreithniú a fhorbairt.
- **Géire Teicniúil:** An cumas eolas, scileanna agus breithiúnas teicniúil a chur i bhfeidhm agus a fheabhsú le toradh a bhaint amach nó le tascanna a chur i gcrích go héifeachtach.

**Príomhinniúlachtaí**

- **Cumarsáid Éifeachtach:** Ardchumas dul i mbun cumarsáide scríofa agus labhartha atá soiléir, gan athbhrí, trédhearcach, agus comhsheasmhach le Luachanna UCD, chun faisnéis agus smaointe a chur in iúl agus a roinnt le daoine eile, éisteacht go cúramach, tuiscint a shoiléiriú agus tuairimí éagsúla a mheas.
- **Obair as a Stuaim féin:** An cumas moltaí a dhéanamh maidir le feabhsúcháin ina réimse oibre féin, an cumas gníomhú go luath chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna agus ar a bhfuascailt agus an cumas fadhbanna a réiteach.
- **Fócas Seirbhíse agus Nuálaíocht:** An cumas riachtanais na gcustaiméirí a thuiscint agus a réamh-mheas, agus gníomhú chun táirge agus seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar a fhreastalaíonn ar ionchais na bpáirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha go léir.
- **Pleanáil agus Eagrúcháin:** An cumas a gcuid oibre féin a phleanáil agus a eagrú, tosaíochtaí soiléire a leagan amach agus a chinntiú go mbaintear spriocdhátaí amach, chomh maith le gníomhaíochtaí a eagrú, tascanna a chur le chéile agus a scaradh chun aschur a sholáthar de réir achar ama soiléir chun cuspóirí a bhaint amach
- **Athrú a Bhainistiú:** An cumas tabhairt faoi chur chuige dearfach chun dul i ngleic leis an obair chomh maith le hathruithe a ghlacadh agus aiseolas a bhaineann le feidhmíocht a lorg agus déileáil leis go cuiditheach.
- **Caidrimh a Chothú:** Cumas caidrimh oibre éifeachtach a chothú laistigh dá réimse féin agus ar bhonn níos leithne le comhoibriú agus comhar a spreagadh i réimsí eile agus comhpháirtíochtaí a chothú chun torthaí a bhaint amach.
- **Bainistíocht Tionscadail:** Tuiscint mhaith ar spriocanna, cuspóir agus critéir rathúlachta an chláir.

Inmhianaithe:

- Eolas agus tuiscint ar Aon Sláinte Amháin agus conas a chuirtear i bhfeidhm é.
- Céim MSc in Aon Sláinte Amháin nó i réimse gaolmhar.
- Taithí ar ábhair oideachais a fhorbairt do dhaonra fochéime agus iarchéime.
- Taithí ar shuíomhanna gréasáin a thógáil nó a chothabháil ag baint leas as Terminal 4.

**Eolas Breise:**

| | |
|---|---|
| An Ollscoil: | https://www.ucd.ie/ |
| Straitéis UCD 2030 Teorainneacha a Shárú: | https://strategy.ucd.ie/ |
| An Coláiste/Aonad Bainistíochta: | https://www.ucd.ie/chas/ |
| Scoil/ Oifig an Chláir/ an Aonaid: | www.ucd.ie/onehealth |
| Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ag UCD: | https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/ |

**Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:**

| | |
|---|---|
| Ainm: | An Dr Gerald Barry |
| Teideal: | Ollamh Cúnta le Víreolaíocht |
| Seoladh r-phoist: | gerald.barry@ucd.ie |